



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Ráiteas Straitéise

2019 - 2021



www.osi.ie

RÁITEAS STRAITÉISE

Is é seo an 9ú Ráiteas Straitéise atá foilsithe ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) agus scríobhtar é i gcomhthéacs an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Cuireann an Ráiteas seo leis an bpróiseas bainistíochta straitéiseach atá seanbhunaithe in OSi agus cuimsítear ann roinnt cuspóirí straitéiseacha atá deartha chun cabhrú leis an eagraíocht aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le comhshaol atá ag síorathrú agus ina gcomhlíontar sainorduithe na heagraíochta. Chuathas i gcomhairle le comhghleacaithe agus comhpháirtithe ar fud na hearnála poiblí agus earnáil na tionsclaíochta agus an ráiteas seo á ullmhú.

CLÁR ÁBHAIR

- | | | | |
|-----------|---|-----------|---|
| 04 | <u>Réamhrá an Chathaoirligh</u> | 14 | <u>Sprioc 1 - Faisnéis gheospásúil spriocdhírthe, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil agus a bhainistiú</u> |
| 05 | <u>Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh</u> | 15 | <u>Sprioc 2 - Córais, ardáin agus seirbhísí faisnéise geospásúla a chur ar fáil ar bhealach comhtháite</u> |
| 06 | <u>Timpeallacht oibriúcháin OSi</u> | 16 | <u>Sprioc 3 - Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt</u> |
| 08 | <u>Sainordú OSi</u> | 17 | <u>Sprioc 4 - Ceannasaíocht, cumarsáid agus rannpháirtíocht</u> |
| 09 | <u>Fís, misean & luachanna OSi</u> | 18 | <u>Sprioc 5 - Eagraíocht atá trédhearcach, cuntasach, inbhuanaithe agus oilte go hardchaighdeán a chur ar fáil</u> |
| 10 | <u>Prionsabail OSi</u> | 19 | <u>Feidhmiú straitéiseach & monatóireacht feidhmíochta</u> |
| 12 | <u>Spriocanna straitéiseacha & gníomhaíochtaí</u> | | |

RÉAMHRÁ

Cathaoirleach



Ronan O'Reilly
Cathaoirleach

Leagtar amach sa ráiteas straitéise seo ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) an cuspóir straitéiseach atá againn don tréimhse 3 bliana 2019-2021.

Tá sonraí ag croílár shaol agus bheartas poiblí na linne seo, Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh a chinntiú go gcuirtear ar fáil faisnéis gheospásúil atá iontaofa agus údarásach. De réir a chéile, tá gnáthdhaoine agus lucht rialtais agus gnó ag brath níos mó agus níos mó ar shonraí i ngnéithe éagsúla a gcuid oibre.

Tá OSi tar éis freagra a thabhairt air sin agus é féin a chur in oiriúint le cúinsí an lae inniu. Is comhlacht seirbhíse poiblí sinn atá chun cinn ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta é agus atá inniúlachtaí ar leith aige chun freastal ar an tír amach anseo. Tá traidisiún uasal nuála againn atá ag dul i méid agus ag forbairt de réir mar atá OSi á bhunú againn mar cheannródaí domhanda i réimse na léarscáilíochta náisiúnta.

Leagtar amach sa straitéis seo treochlár maidir le forbairt leanúnach OSi. Agus an straitéis seo á forbairt, chuireamar riachtanais athraitheacha shaoránaigh an Stáit san áireamh agus pléadh conas is fearr acmhainní a úsáid chun torthaí inláimhsithe a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara. Cuirtear san áireamh sa straitéis seo dea-chleachtas idirnáisiúnta ó na Náisiúin Aontaithe.

Tá an clár um athchóiriú na seirbhíse poiblí tar éis an-tábhacht a leagan ar riachtanais úsáideoirí na seirbhíse. Táimid ag freagairt dó sin ar bhonn leanúnach agus réitigh nua á bhforbairt againn. Beidh tionchar ar a leithéid agus rialacha agus saoráidí nua um shonraí a roinnt, digitíú agus rialú ar na bealaí a dhéanaimid ár gcuid gnó ach tá na hinniúlachtaí ar leith againn a bheith chun tosaigh ar fhorbairtí uile mar sin.

Is spás í earnáil na tionsclaíochta faisnéise geografai a bhíonn i gcónaí ag forbairt. Tá táirgí agus seirbhísí iontaofa againn a leagan síos an caighdeán i gcúrsaí léarscáilíochta náisiúnta agus is iad an tagarmharc iad ó thaobh sonraí geospásúla an Stáit. Cuirfidh comhoibriochtaí tionscadail agus córais nua go mór le luach na hoibre seo.

Tá OSi tar éis a tháirgí agus seirbhísí a chur chun cinn, a fhorbairt agus a fheabhsú go comhsheasmhach le scór éigin bliain anuas. Sna blianta atá romhainn, beidh deiseanna iontacha níos mó arís a dhéanamh. Ag croílár na hoibre seo go léir tá foireann OSi. Mar thoradh ar a ndíogras, eolas agus gairmiúlacht tá eagraíocht againn anois atá tiomanta do fhreastal éifeachtach a sholáthar don phobal. Gan dabht, beidh rath na straitéise seo ag brath go mór ar fhoireann OSi agus an bealach a chuirfidh siad cuspóirí na straitéise seo i gcrích. Ar an mbonn céanna, déanfaimid cinnte go bhfanfaimid éagsúil agus uathúil sa mhargadh tríd an éiteas agus na luachanna atá againn. Tá OSi tiomanta don oideachas, an nuálaíocht agus an comhoibriú a chur chun cinn chun luach na faisnéise geospásúla seo a fheabhsú agus a fhorbairt ar leas an tsochaí ina hiomláine.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a chur leis an straitéis seo agus aitheantas a thabhairt d'obair mo chomhghleacaithe ar Bhord OSi.

Is cúis áthais dom go mbeidh na hinniúlachtaí ar leith againn leanúint ar aghaidh le seirbhísí um mapáil agus faisnéis gheospásúil deifnídí an Stáit a chruthú, a chothabháil agus a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh, do ghnó agus don lucht ceaptha beartas.

RÉAMHRÁ

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Colin Bray
Chief Executive Officer

Thar ceann Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, tá an-áthas orm an Ráiteas Straitéise seo don tréimhse 2019- 2021 a chur faoi bhráid an phobail.

Cuirfidh an Ráiteas seo le rath ráiteas deireanach OSi (Ráiteas Straitéise 2016-2018) as ar mbaineadh na rudaí seo a leanas amach:

- Cur chun críche ár ngníomhaíochtaí faoi Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2014-2016; mar thoradh ar an obair sin cruthaíodh an Comhaontú Mapála Náisiúnta agus aithnítear sonraí geospásúla anois mar chuid chriticiúil d'éiceachóras sonraí foriomlán an Rialtais (rud a léirítear le foilsiú Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí).
- Comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, rud a lig dúinn ár n-ardán geospásúil GeoHive a fhorbairt tuilleadh mar phríomhghné d'infrastruchtúr na sonraí náisiúnta maidir le tuairisciú a dhéanamh le haghaidh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Daonáireamh 2016 agus tionscnaimh Sonraí Oscailte.
- Seirbhísí digiteacha atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil trí shuíomh Gréasáin ríomhthráchtála a sheoladh agus ardáin le haghaidh INSPIRE, My- Plan agus tairseach Sonraí Oscailte a fhorbairt.
- Sonraí geospásúla den chéad glúin eile atá i gcomhréir le caighdeán na tionsclaíochta a fhorbairt tuilleadh.

Tá sé mar fhís ag OSi don tréimhse 2019-2021 a bheith ina *'Sholáthraí náisiúnta de shonraí agus ardáin gheospásúla iontaofa agus cothaithe chun a chinntiú go bhfuil sé éasca sonraí an Stáit ar shuíomhanna a lorg, a roinnt agus a úsáid'*. Is faoi na cúig sprioc seo a leanas, a leagann an Ráiteas Straitéise seo amach na gníomhaíochtaí straitéiseacha is gá chun an straitéis a bhaint amach:

1. Faisnéis gheospásúil spriocdhírithé éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil agus a bhainistiú
2. Córais, ardáin agus seirbhísí faisnéise geospásúla a chur ar fáil ar bhealach comhtháite
3. Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt
4. Ceannasaíocht, cumarsáid & rannpháirtíocht leanúnach
5. Eagraíocht atá trédhearcach, cuntasach, inbhuanaithe agus oilte go hardchaighdeán a chur ar fáil

Beidh na prionsabail oibriúcháin seo a leanas ina dtreoir ag gníomhaíochtaí OSi.

Iontaofa agus údarásach. Tacaíocht a thabhairt don Rialtas. Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann. Éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a bharrfheabhsú Comhoibriú. Dea-rialachas.

Déanann OSi mapáil dheifnídeach an Stáit agus seirbhísí faisnéise geospásúla a chruthú, a chothabháil agus a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh, do ghnó agus don lucht ceaptha beartas. Is trí dhíograis, saineolas teicniúil agus gairmiúlacht fhoireann OSi amháin atá an ghníomhaíocht thábhachtach seo seirbhíse poiblí á baint amach. Ag teacht le beartas an Rialtais, tá OSi le comhcheangal lenár gcomhghleacaithe san Údarás Clárúcháin Maoine agus san Oifig Luachála chun comhlacht nua a chruthú, Tailte Éireann. Soláthróidh Tailte Éireann seirbhís iomlán agus chuimsitheach maoine agus léarscáilíochta do phobal na hÉireann.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Bord OSi as a gcuid tacaíochta agus rannpháirtíochta sa Straitéis seo.

TIMPEALLAUGHT OIBRIÚCHÁIN OSi

Beartas an Rialtais

Tá sonraí ag croílár cúrsaí Rialtais, spreagann siad agus cuireann siad bonn eolas le beartas poiblí agus tá siad lárnach ó thaobh seirbhísí poiblí a sholáthar.

Is iad sonraí geospásúla a bhíonn mar bhonn taca ag beartas láidir poiblí. Maidir le seirbhísí comhlachtaí seirbhíse poiblí a phleanáil, a dhíriú agus a sholáthar, tá sé tábhachtach eolas a bheith ar fáil maidir le cathain agus cá háit a mbeidh rudaí ag tarlú. Mar sin, is gné tábhachtach d'éiceachóras sonraí an Rialtais iad sonraí geospásúla.

I roinnt straitéisí Rialtais, lorgaítear feabhsúcháin ó thaobh sonraí a bhainistiú chun seirbhísí poiblí agus ceapadh beartais éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil.

Áirítear i Straitéis TFC na hEarnála Poiblí cúig chuspóir: Tóg le Roinnt; Digiteach chun Tosaigh; Sonraí mar Chumasóir; Rialú a Fheabhsú; agus Cumas a Mhéadú. I bhfianaise na gníomhaíochtaí ar fad atá ar bun ag an Rialtas, aithníonn Straitéis TFC na hEarnála Poiblí go bhfuil an Rialtas ag infheistiú go gníomhach i mbailiú agus in úsáid fheidhmeach sonraí geospásúla.

Leis na straitéisí seo, mar aon le Straitéis Ríomhsheirbhísí an Rialtais, Straitéis an Bhoird Naisiúnta Staidrimh agus an creat Ár Seirbhís Phoiblí 2020, leagtar amach fís maidir leis na bealaí a d'fhéadfadh an Rialtas freastal níos fearr a dhéanamh ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí na tíre trí chur le dea-chleachtais bainistíochta sonraí agus cur chuige níos comhsheasmhaí agus aonfhoirmí a úsáid ar fud an Rialtais maidir le sonraí.

Agus an teicneolaíocht ag síorfhorbairt agus ár sochaí 'suíomhchumasaithe' ag dul chun cinn ar luas suntasach, is ríthábhachtach na bealaí a dhéantar an fhaisnéis gheospásúil a chomhtháthú le éiceachóras sonraí foriomlán seo an Rialtais.

Ról OSi

Cuirtear faisnéis gheospásúil ar fáil in go leor foirmeacha agus meán lena n-áirítear léarscáileanna, grianghraif ón aer, samhlacha sonraí, córais uathúla suímh agus tagraíochta.

Is é an ról atá againn ná a áirithiú go gcuirtear ar fáil faisnéis gheospásúil Stáit atá iontaofa, údarásach agus tráthuile ionas gur féidir a chinntiú go ndéanann

sonraí agus seirbhísí atá iontaofa, inrochtana agus éasca le húsáid freastal ar riachtanais athraitheacha shaoránaigh, lucht gnó agus lucht ceapadh beartais na tíre.

Chuíge sin, táimid dírithe ar ár gcuir chuige a neartú agus a nua-aoisiú tuilleadh ionas go mbeidís ar na cuir chuige is fearr dá leithéid ar domhain ó thaobh sonraí geospásúla a ghabháil, a bhainistiú agus a scaipeadh. Mar iarracht chun deireadh a chur le dúbláil ar fud na hearnála poiblí, leanaimid orainn ár n-iarrachtaí a dhíriú chun a chinntiú go mbeidh fáil ar gheografaíocht dhigiteach aon fhoinsé agus go dtuigtear í.

Tá ról gníomhach ag OSi maidir le straitéisí sonraí Rialtas na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Táimid dírithe ar chomhoibriú agus nuáil chun luach na faisnéise geospásúla don tsochaí ina hiomláine a fheabhsú agus a fhorbairt. Leanaimid orainn dul chun cinn ó thaobh teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha a ghairáil chun cáilíocht, tráthúlacht agus soláthar ár seirbhísí a fheabhsú.

Tá fís againn de náisiún atá cumasaithe ar bhonn geospásúla agus a roinneann, a chomhtháthaíonn agus a úsáideann réimse leathan sonraí chun buntáistí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a bhaint amach.

Ról na Náisiún Aontaithe sa straitéis gheospáis náisiúnta

In 2011, bhunaigh Comhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta na NA (ECOSOC) Coiste Saineolaithe na NA maidir le Bainistíocht Faisnéise Geospásúla Domhanda (UN-GGIM) chun gníomhaíocht nithiúil a ghlacadh chun comhoibriú idirnáisiúnta ó thaobh bhainistíochta na faisnéise geospásúla a neartú agus tá ról gníomhach ag OSi ó bunaíodh an coiste sin.

Déanann Coiste Saineolaithe na NA maidir le Bainistíocht Faisnéise Geospásúla Domhanda comhchinntí agus leagann sé amach teoracha maidir le faisnéis gheospásúil a tháirgeadh, a fheidhmiú agus a úsáid laistigh de chreata beartais náisiúnta, réigiúnach agus domhanda agus is fóram é le haghaidh Ballstát chun a mbainistíocht um fhaisnéis geospásúla náisiúnta agus cumais agus acmhainn a gcóras a neartú.

D'aithin Coiste Saineolaithe na NA maidir le

Bainistíocht Faisnéise Geospásúla Domhanda gur acmhainn faisnéise ríthábhachtach í an fhaisnéis gheospásúil a mbaineann luach cruthaithe sochaí, eacnamaíocha agus comhshaoil léi, agus is gá tionscnaimh náisiúnta forbartha a chomhtháthú trí ‘suíomh’ a úsáid mar chreat tagartha comónta fothacaíochta.

Chun tacú leis an gcuspóir sin, tá na NA tar éis treoir straitéiseach a fhorbairt agus a thacú i ndáil le bainistíocht náisiúnta na faisnéise geospásúla a fhorbairt agus a neartú. Léirítear sa Chreat cur chuige réamhbhreathnaitheacha a chruthaíonn comhshaol cumasaithe inar féidir le rialtais náisiúnta úsáid agus roinnt éifeachtúil agus éifeachtach d’fhaisnéis gheospásúla a chomhordú, a fhorbairt, a neartú agus a chur chun cinn i ndáil le ceapadh beartais, cinnteoireacht agus nuáil. Bunaítear leis sin fíis comónta le haghaidh gníomhaireachtaí uile an rialtais, léirítear ann na spriocanna a bhainfidh an fhís amach, na gníomhaíochtaí is gá a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus na torthaí agus na leasa is gá chun tacú leis an bhforbairt náisiúnta.

Daingnítear an Creat le 9 gConair Straitéiseacha i 3 príomhréimse tionchair: Rialachas; Teicneolaíocht; agus Daoine agus is sásra é chun ceannasaíocht náisiúnta i réimse na faisnéise geospásúla a chur in iúl agus a léiriú, chun curaidh a chothú, agus an acmhainn chun céimeanna dearfacha a ghlacadh a fhorbairt.

Léirítear na Conairí Straitéiseacha mar phíosáí aonair de mheascán mearaí chun é a aithint go mbaineann an iliomad gnéithe le gach conair ar leith, ach nuair a chuirtear le chéile iad, gur Creat nasctha, comhtháite agus feidhmithe atá ann.

Agus an straitéis seo á hullmhú, rinne OSi breithniú iomlán ar thionchar Chreat na NA ar fhorbairt na straitéise seo agus déanfar ár spriocanna agus gníomhaíochtaí a chur i gcomhréir, a mhonatóiriú agus a thuairisciú i gcoinne an Chreata sin ar bhonn bliantúil.

In preparing this strategy, OSi has fully considered the impact of the UN Framework in the development of this strategy and will align, monitor and report our goals and actions against on an annual basis.


Rialachas



Teicneolaíocht



Daoine



SAINORDÚ OSi

Tá feidhmeanna OSi arna sainordú ag an Rialtas leagtha amach san Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis, 2001 (arna leasú ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003) mar seo a leanas:

Is í gnáthfheidhm OSi ná seirbhís mhapála náisiúnta a sholáthar sa Stát. Chuige seo, feidhmeoidh OSi ar mhaithe le leas an phobail trí thaifid mhapála náisiúnta deifnídeach agus taifid gheografacha ghaolmhara an Stáit a chruthú agus a chothabháil. Cuimseoidh feidhmeanna OSi gach tasc atá riachtanach chun a gnáthfheidhm a chomhlíonadh, lena n-áirítear, gan dochar don fhoráil sin roimhe seo, na feidhmeanna seo a leanas:

- **Cothú agus forbairt a dhéanamh ar an infreastruchtúr fisiciúil bunúsach** atá riachtanach chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmchláir mhapála, le n-áirítear an gréasán náisiúnta agus na creata geodasacha agus aird náisiúnta a chothú agus iad a nascadh le córais idirnáisiúnta,
- **Bunachair shonraí mhapála agus gheografacha ghaolmhara** a bhfuil comhsheasmhacht náisiúnta ábhair, saolré, stíle agus modha acu, lena n-áirítear do na limistéir sin nach soláthraíonn brabús tráchtála ar an ngníomhaíocht, a chruthú agus a chothabháil don Stát iomlán.
- **Chun mapáil agus faisnéis gheografach bhainteach a sholáthar** d'earnálacha poiblí agus príobháideacha mar thaca le feidhmeanna agus riachtanais sóisialta, eacnamaíochta, reachtúla, oideachais, slándála, gnó agus riaracháin,
- **Na tairbhí a bhaineann le húsáid a bhaint as** bunachair shonraí náisiúnta mhapála agus ghaolmhara a spreagadh agus a chur chun cinn, agus táirgí, seirbhísí agus margadí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais náisiúnta agus úsáideoirí,
- **Comhairle a thabhairt don Rialtas, d'Aire de chuid an Rialtais, do chomhlacht arna bhunú ag reacht nó faoi reacht** agus d'eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí maidir le gnéithe a bhaineann le polasaí agus cleachtas suirbhéireachta, mapála agus faisnéise geografáil agus i ndáil le bonneagair náisiúnta bhunachair shonraí spásúla a fhorbairt,
- **Ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát** ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le gnéithe a bhaineann le mapáil agus faisnéis gheografach,
- **An tacaíocht theicniúil iomchuí** a chur ar fáil chun ligean don Phríomhshuirbhéir Teorainneacha a dualgais/dhualgais i ndáil le teorainneacha reachtúla a threoirmharcáil agus na teorainneacha sin a dhí-líniú ar léarscáileanna,
- **Chun logainmneacha agus seanghnéithe** i mapáil náisiúnta agus i dtaifid agus bunachair sonraí bhainteacha a thaispeáint as Gaeilge nó as Gaeilge agus as Béarla.
- **Chun cosaint a thabhairt do cóipcheart an Rialtais** ar thaifid, bhunachair sonraí, tháirgí agus ábhar foilsithe OSi lena n-áirítear cóipcheart ar thaifid, bhunachair sonraí agus ábhar foilsithe OSi a cruthaíodh roimh an lá bunaithe.

FÍS, MISEAN & LUACHANNA OSi

FÍS OSi

Soláthraithe náisiúnta de shonraí agus ardáin gheospásúla iontaofa agus cothaithe chun a chinntiú go bhfuil sé éasca sonraí an Stáit ar shuíomhanna a lorg, a roinnt agus a úsáid.

MISEAN OSi

Chun seirbhísí um mapáil agus eolas geospásúil deifnídeach an Stáit a chruthú, a chothabháil agus a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh, do ghnó agus don lucht ceaptha beartas.

Luachanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann



Ionracas & Iontaofacht

- le léiriú i gcónaí ag bail fhoirne ina n-iompar agus ina n-idirghníomhaíochtaí eatarthu féin agus le



Tiomantas & Saineolas Teicniúil

- sármhaitheas pearsanta agus eagraíochtúil chun caighdeáin ghairmiúlachta, cheannasaíochta agus chruinnis a bhaint amach



Freagracht & Cuntasacht

- cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead ar chothú



Fiontraíocht

- féachaint i gcónaí chun riachtanais saoránach, ghnó agus rialtais a léirmhíniú, a chruthú, a mhúnlú agus a chomhlíonadh go tráthúil

PRIONSABAIL OSi

Agus é i mbun a sainordú a chur i bhfeidhm, beidh na prionsabail oibriúcháin seo a leanas ina dtreoir ag gníomhaíochtaí OSi:



Iontaofa agus Údarásach

Díreoimid ar fhaisnéis gheospásúil Stáit a chruthú, a chothabháil agus a scaipeadh chun a chinntiú go ndéanann sonraí agus seirbhísí atá iontaofa, inrochtana agus éasca le húsáid freastal ar riachtanais athraitheacha ár bpáirtithe leasmhara.



Tacaíocht a thabhairt don Rialtas

Tugaimid tacaíocht don Rialtas trí a chinntiú go gcuireann ár bpríomhchleachtas bainistíochta sonraí le héiceachóras láidir sonraí geospásúil don tSeirbhís Phoiblí, rud a sholáthraíonn seirbhísí níos fearr agus faisnéis bhreise chun tacú le lucht ceaptha beartais.



Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann

Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann mar phríomh-acmhainn ó thaobh ár sonraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach chun inbhuanaitheacht ár n-eagraíocht a chinntiú.



Éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a bharrfheabhsú

Leanaimid orainn éifeachtúlacht agus táirgiúlacht ár n-acmhainní (daoine, próiseas agus teicneolaíocht) a bharrfheabhsú chun a chinntiú go bhfanann siad inbhuanaithe agus go n-úsáidtear iad ar bhealach a sholáthraíonn seirbhísí feabhsaithe dár bpáirtithe leasmhara.



Comhoibriú

Fanaimid tiomanta do chomhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí rialtais, saoránaigh agus comhpháirtithe gnó eile chun luach an eolais gheospásúil seo a fheabhsú.



Dea-Rialachas

Cinnteoimid go bhfuil ár ngníomhaíochtaí airgeadais, dlí agus rialachais láidir, cuntasach agus trédhearcach.

A hand is shown holding a large, light-colored puzzle piece in the foreground. In the background, several other puzzle pieces are visible, some in focus and some blurred, creating a sense of depth. The overall lighting is warm and soft, with a gradient from light to dark.

SPRIOCANNA & GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Agus é i mbun a sainordú a chur i bhfeidhm, beidh na prionsabail oibriúcháin seo a leanas ina dtreoir ag gníomhaíochtaí OSi: Cuirfear gach ceann de na spriocanna seo i gcrích trí chlár bliantúil de ghníomhaíochtaí i gcomhréir lena chéile agus ar a ndéanfar monatóireacht ag teacht leis an gcur chuige arna ghlacadh agus ar thacaigh Creat na NA leo chun go mbainfear amach na torthaí agus na leasa is gá chun tacú le forbairt náisiúnta.

SPRIOCANNA OSi

01 Faisnéis gheospásúil spriocdhírthe, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil agus a bhainistiú.
Leanfar de bheith ag dhíriú ar bhunchórais agus bunphróiseas táirgthe, a bhfuil straitéisí láidre rialaithe sonraí agus cáilíochtaí mar bhonn agus taca leo, agus iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

02 Córais, ardáin agus seirbhísí eolais gheospásúil a chur ar fáil ar bhealach comhtháite.
Déanfar córais, ardáin agus seirbhísí faisnéise geospásúla OSi a fhorbairt tuilleadh ionas go soláthraíonn siad sonraí agus seirbhísí atá iontaofa, inrochtana agus éasca le húsáid le haghaidh saoránach, lucht gnó agus lucht ceapadh beartais na tíre.

03 Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt.
Cinntigh go n-úsáidtear caidrimh agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha ar bhealach a neartaíonn comhroinnt faisnéise idir soláthraithe agus úsáideoirí sonraí geospásúla chun dúbláil oibre a sheachaint agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do thionscnaimh náisiúnta.

04 Ceannasaíocht, cumarsáid & rannpháirtíocht.
Ceannasaíocht agus tiomantas láidir a chur ar fáil don tionscal geospásúil in Éirinn, chun luach fadtéarmacha infheistíochtaí i bhfaisnéis gheospásúil a fheabhsú, chun tacú le luach agus úsáid na faisnéise geospásúla, chun acmhainn, forbairt cumais a chur chun cinn agus nuáil a spreagadh.

05 Eagraíocht thrédhearcach, chuntasach, inbhuanaithe agus oilte go hardchaighdeán a chur ar fáil.
Déantar oibríochtaí OSi i gcomhréir le creat rialachais dea-chleachtais agus treoirlínte maidir le cúrsaí reachtúla, cuntasachta agus trédhearcacht. Cinnteoidh OSi go mbainfear toradh ar infheistíocht amach trí straitéisí dea-chleachtais a chur i bhfeidhm ó thaobh bainistíochta costas de. Tabharfaidh OSi tacaíocht dár bhfoireann chun scileanna atá ag teacht le riachtanais na heagraíochta a bhaint amach agus a fhorbairt. Oibreoidh OSi chun a chinntiú go ndéanann úsáid sonraí agus seirbhísí geospásúla OSi an éifeachtúlacht agus táirgiúlacht náisiúnta a fheabhsú.

01

Faisnéis gheospásúil spriocdhírthe, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil & a bhainistiú

Leanfar de bheith ag dhíriú ar bhunchórais agus bunphróiseas táirgthe, a bhfuil straitéisí láidre rialaithe sonraí agus cáilíochtaí mar bhonn agus taca leo, agus iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Agus an cuspóir seo a chur i bhfeidhm, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Oibreoidimid i gcomhar leis an Rialtas maidir leis an gclár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm, go speisialta chun Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí a sheachadadh.
- Clár a choimeád ar bun maidir le cumhdach náisiúnta íomhánna ardaifigh a chur fáil.
- Sásra a chur i bhfeidhm chun ráitis cháilíochta ráithiúla sonraí geospásúla a fhoilsiú agus tairseach gréasáin a fhorbairt le haghaidh tuarascála-cha a bhaineann le cáilíocht sonraí.
- Déanfar Straitéis Rialachais Sonraí OSi a fheabhsú tuilleadh lena n-áirítear príomhphrionsabail agus méadracht lárnach maidir le bainistiú is fearr a dhéanamh ar shonraí geospásúla údaraithe ardchaighdeán.
- A chinntiú go gcomhlíonann an bealach a choinnítear sonraí geospásúla OSi caighdeán an tionscail gheospásúil - An Fheadhnacht Oscailte Gheospásúil (OGC), Feadhnach an Ghréasáin Domhanda (W3C) agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO).
- Cuir le bunú infreastruchtúr gréasáin Absolute Gravity tríd an ngréasán a dhlúthú.
- Forbairt tuilleadh a dhéanamh ar fhaisnéis gheospásúil an Stáit trí shamhail airde náisiúnta údarásach a chruthú agus a chothabháil.
- Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun sonraí geospásúla údarásach 3ú páirtí a chomhtháthú isteach i gcroí-sonraí geospásúla tagartha OSi.
- I gcomhpháirtíocht le Grúpa Oibre na hEarnála Poiblí um Chumhdach Talúin / Úsáid Talúin, taca sonraí um Chumhdach Talúin / Úsáid Talúin a fhorbairt le haghaidh an Stáit.
- Dlúthpháirtíocht a dhéanamh leis an mBrainse Logainmneacha agus Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le deimhniú gurb é OSi an fho-inse údarásach ó thaobh Logainmneacha a fhoilsiú de réir an Achta OSi.

02

Córais, ardáin agus seirbhísí faisnéise

I gcomhréir lenár ngealltanas chun córais agus seirbhísí faisnéise geospásúla OSi a fhorbairt tuilleadh ionas go soláthraíonn siad sonraí agus seirbhísí iontaofa, inrochtana agus éasca le húsáid le haghaidh saoránach, lucht gnó agus lucht ceapadh beartais na tíre, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Ardáin agus seirbhísí geospásúla, lena n-áirítear Prime2, GeoHive, MapGenie and e-Commerce, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh chun freastal ar riachtanais athraitheacha saoránach, gnó agus rialtais.
- Straitéis a fhorbairt chun OSi a athrú go heagraíocht atá dírithe ar sheirbhísí.
- Forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí óstála sonraí agus seirbhísí foilsithe le haghaidh seirbhísí náisiúnta geospásúla a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí Gréasáin agus uirlisí geo-phróiseála comhoibrithe agus nuála a fhorbairt.
- Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a fhoilsiú chun tréimhse na straitéise seo a chumhdach i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta chun ailtireacht fiontraíochta OSi a chur ar aghaidh.
- An Córas Bainistíochta um Shlándaíl Faisnéise agus beartais agus nósanna imeachta gaolmhara a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú tuilleadh ar fud na heagraíochta.
- Straitéis hibrideach um an timpeallacht oibriúcháin (sa néal agus ar an suíomh) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais athraitheacha ghnó agus ar chúiseanna leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste.
- Feabhas breise a chur ar chroí-sonraí geospásúla tagartha OSi trí na modheolaíochtaí agus cleachtais is fearr atá ar fáil a úsáid agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí ata ag teacht chun cinn.
- An Córas Domhanda um Shaitilítí Loingseoireachta (GNSS) náisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt.
- Táirgí agus seirbhísí OSi a ascnamh chun príomhshreabhlínte uathoibrithe a úsáid chun táirgí a dhéanamh ionas go ndéanfar táirgí atá níos éifeachtúla ó thaobh costas de.
- A chinntiú go léirítear spreagthaí reachtúla ar leibhéal Náisiúnta agus Eorpach i seirbhísí agus ardáin gheospásúla OSi.
- Tacair sonraí bhreise a fhoilsiú nuair is iomchuí i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Oscailte, 2017-2022.

03

Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt

Déanfaidh OSi a chinntiú go n-úsáidtear caidrimh agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha ar bhealach a neartaíonn comhroinnt faisnéise idir soláthraithe agus úsáideoirí sonraí geospásúla chun dúbláil oibre a sheachaint agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do thionscnaimh náisiúnta. Chuige sin, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Deiseanna a aithint agus a fhorbairt maidir le comhoibriú a dhéanamh le hinstiúidí acadúla agus taighde lena chumasú go mbainfear amach cuspóirí príomhbheartais nó cuspóirí eagraíochtúla ar bhealach ata éifeachtach ó thaobh costas agus acmhainne de.
- De réir mar is cuí, bunófar comh-thionscnaimh nuála táirge agus seirbhísí chun táirgí agus seirbhísí nua geospásúla a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtnéirí tionsclaíochta.
- Comhoibriú a dhéanamh leis an saol acadúil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chur chuige OSi i leith scaipthe sonraí tríd an nGréasán Séimeantach agus Idirlíon na nEarraí.
- Comhoibriú a dhéanamh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le hinfrastruchtúr sonraí náisiúnta a fhorbairt, rud a chinnteoidh go ndéanfar comhtháthú agus nach ndéanfar dúbláil i dtionscnaimh sonraí geospásúla náisiúnta.
- Comhoibriú a dhéanamh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun Plean Náisiúnta Forfheidhmithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2018-2020 a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhtháthú sonraí agus seirbhísí Staitistiúla agus Domhanbhreathnóireachta chun tacú lena gcuspóirí.
- An Geothairseach náisiúnta INSPIRE a fhorbairt agus a chothabháil tuilleadh thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil.

04

Ceannasaíocht, cumarsáid & rannpháirtíocht

Soláthróidh OSi ceannasaíocht agus tiomantas láidir a chur ar fáil don tionscal geospásúil in Éirinn, chun luach fadtéarmacha infheistíochtaí i bhfaisnéis gheospásúil a fheabhsú. Chun tacú le luach agus úsáid na faisnéise geospásúla, acmhainn, forbairt cumais a chur chun cinn agus nuáil a spreagadh, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Freagra a thabhairt dár gcustaiméirí chun a chinntiú go bhfuil sé níos éasca anois sonraí geospásúla údarásacha an Stáit a aimsiú, a rochtain agus a úsáid. Cuirfimid dlús leis an mbealach a sholáthraítear go digiteach seirbhísí do shaoránaigh, don lucht gnó agus don rialtas.
- Comhoibriú a dhéanamh le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) maidir le Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm agus go speisialta, ról ceannasach a bheith ag OSi i dtionscnaimh a bhaineann le cúrsaí geospásúla.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le faisnéis a bhaineann le mapáil agus faisnéis geospásúla, go háirithe i gCoiste na Náisiún Aontaithe Saineolaithe ar Bhainistiú Faisnéise Geospásúla Domhanda agus in EuroGeographics, an comhlachas um Mapáil Náisiúnta na hEorpa, Cadastre agus Údaráis Chlárlann na Talún agus na réitigh Idir-inoibritheacha do chórais riaracháin phoiblí gnólachtaí agus saoránaigh (Clár ISA²).
- A chinntiú go n-áirítear i bplean Margaíochta agus Cumarsáide OSi tionscainmh margaidh bunaithe ar ábhar a chur ar fáil ar shuíomh Gréasáin OSi, ar chainéil meáin shóisialta agus ar ardáin OSi eile.
- Ionadaíocht ghníomhach a dhéanamh ar Éirinn in EUREF, Fo-Choimisiún Chreat Tagartha Geodasaíochta na hEorpa de chuid an Chomhlachas Idirnáisiúnta Geosaíochta.
- Freagairt do Phleanáil Fórsa Saothair (2020), dúshláin acmhainne/cumais a aithint agus a bhainistiú.
- Suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht fostaithe agus feabhsaithe a chur i bhfeidhm mar a aithnítear iad.
- Cumarsáide inmheánach a fheabhsú tríd an meán “Nuacht OSi”.
- Leanfaidh OSi ar aghaidh de thionscnaimh bainistíochta amhail comhnascadh Tailte Éireann a aithint, a idirbheartú agus a thacú.

05

Eagraíocht thrédhearcach, chuntasach, inbhuanaithe agus oilte go hardchaighdeán a chur ar fáil

Déantar oibríochtaí OSi i gcomhréir le creat rialachais dea-chleachtais agus treoirlínte maidir le cúrsaí reachtúla, cuntasachta agus thrédhearcacht. Cinnteoidh OSi go mbainfear toradh ar infheistíocht amach trí straitéisí dea-chleachtais a chur i bhfeidhm ó thaobh bainistíochta costas de. Tabharfaidh OSi tacaíocht dár bhfoireann chun scileanna atá ag teacht le riachtanais na heagraíochta a bhaint amach agus a fhorbairt. Oibreoidh OSi chun a chinntiú go ndéanann úsáid sonraí agus seirbhísí geospásúla OSi an éifeachtúlacht agus táirgiúlacht náisiúnta a fheabhsú. Agus an cuspóir seo a chur i bhfeidhm, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil an fhoireann cheart san áit cheart ag OSi agus an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí iomchuí acu chun na ceanglais ghnó a thabhairt chun críche.
- Foireann OSi a chur chun cinn agus a thacú go gníomhach chun aitheantas gairmiúil foirmiúil a fháil agus próiseas creidiúnaithe acadúil a fhorbairt d'fhoireann OSi bunaithe ar an taithí atá acu agus forbairt bhreise a dhéanamh ar ár gclár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar bheartais OSi maidir le Comharbas agus Tallann a bhainistiú, agus tionscnaimh um meantóireacht agus cóitseáil inmheánach agus soghluaiseacht taobhach a chur i bhfeidhm mar thacaíocht leo.
- Leanfaidh OSi de chultúr cuntasachta agus luach ar airgead a chothú ar fud na heagraíochta ionas go ndéanfar breithmheas iomchuí ar chaiteachas ó thaobh tairbhí don eagraíocht agus don chustaiméir de.
- Déanfar creat rialachais agus comhlíonta OSi a fheabhsú go leanúnach chun cabhrú le cuspóirí na heagraíochta a sholáthar, oibleagáidí na heagraíochta a chomhlíonadh, cuntasacht agus thrédhearcacht oibríochtaí OSi a dheimhniú, rioscaí a aithint agus a mhaolú agus pleanáil a dhéanamh ar bhealach straitéiseach agus dírithe chun príomhchuspóirí OSi a bhaint amach.
- Comhaontú Mapála Náisiúnta Iármhaoinithe a bhainistiú, i gcomhar lenár Máthair-Roinn agus an Rialtas, chun rochtain a sholáthar don earnáil phoiblí agus an saol acadúil ar mhapáil náisiúnta údarásach an Stáit.
- Táirgí agus seirbhísí OSi a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha saoránach, lucht gnó agus lucht ceapadh beartais agus a chinntiú gur féidir inbhuanaitheacht airgeadais a sholáthar sa todhchaí ag an am céanna.
- Cuspóirí ar an leibhéal náisiúnta a sholáthar ag cinntiú go leanann an Comhaontú Seirbhíse idir OSi agus an Rialtas de luach a sholáthar don Stát.
- Samhail ghnó a chur i bhfeidhm a thugann brabús réasúnta chun an deis a thabhairt dúinn athinfheistíocht a dhéanamh go cliste san eagraíocht, agus próisis agus teicneolaíocht a fheabhsú go leanúnach agus éifeachtúlachtaí níos fearr a spreagadh maidir lenár seirbhísí agus tairgí OSi a sholáthar.
- Leathnú breise a dhéanamh ar an gcreidiúnú Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) atá ag OSi.
- Páirt níos mó a ghlacadh i dtionscnaimh an Rialtais um sheirbhísí comhroinnte, rud a chuirfidh éifeachtúlachtaí oibríochtúla agus éifeachtúlachtaí ó thaobh airgid de i bhfeidhm.
- I gcomhréir le Straitéisí Acmhainní Daonna 2019-2021 a fhorbairt, forbróidh OSi beartas um éagsúlacht agus uileghabhálacht a chabhróidh chun aghaidh a thabhairt an dualgas earnála poiblí atá orainn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a dhíothú agus cearta daonna ár bhfoireann a chosaint.

FEIDHMIÚ STRAITÉISEACH & MONATÓIREACTH FEIDHMÍOCHTA

Cuirfidh ár gcuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha bonn eolais le Plean Gnó Corparáideach bliantúil OSi ina dtabharfar mionsonraí maidir le tosaíochtaí agus spriocanna inghnóthaithe sonracha ar fud na heagraíochta le linn tréimhse na Ráitis Straitéise seo. Cinnteoidh meascán na spriocanna inghnóthaithe sin thar tréimhse na straitéise seo go gcomhlíonfar na spriocanna agus gníomhaíochtaí.

Déanfaidh Foireann Ardbhainistíochta OSi, Bord OSi, agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil


monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmiú na Ráitis Straitéise seo ar bhonn míosúil.

Sannfar gníomhaíochtaí mionsonraithe Pleananna Gnó Chorporáidigh 2019, 2020 agus 2021 de chuid OSi ar bhail foirne aonair agus déanfar measúnú orth mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Feidhmíochta bliantúil. Soláthróidh an cur chuige comhtháite seo comhtháthú, cuntasacht, agus treorú a bhfuil cuspóir leis d'obair leanúnach OSi ionas gur féidir linn ár Mísean a bhaint amach agus obair a dhéanamh i dtreo ár bhFís a chomhlíonadh.





 Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8
Eircode D08 F6E4

 FÓN
+353-1-802-5300

 GRÉASÁN
www.osi.ie